



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Polasáí Comhionannais agus Éagsúlachta Ollscoil Mhá Nuad

An Clár

1. Eolas Ábhartha	2
2. Gluais Téarmaí agus Sainmhínithe	3
3. Aidhmeanna.....	5
4. Prionsabail	5
5. Raon an Pholasaí	6

1. Eolas Ábhartha

[An tAcht um Míchumas 2005](#)

[Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 - 2015](#)

[Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2015](#)

[An tAcht um Chomhionannas 2004](#)

[An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014](#)

[Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine](#)

[Beartais Acmhainní Daonna Ollscoil Mhá Nuad](#)

[Acht na nOllscoileanna 1997](#)

[Acht an Údaráis um Ardoideachas 2022](#)

2. Gluais Téarmaí agus Sainmhínte

Bulaíocht: iompar míchuí arís agus arís eile, díreach nó indíreach, cibé acu ó bhéal, fisiciúil nó eile, arna dhéanamh ag duine amháin nó níos mó i gcoinne duine eile nó daoine eile a d'fhéadfaí a mheas le réasún go mbaineann sé an bonn de cheart chun dínite an duine sin. Ní mheastar gur cineál bulaíochta iad teagmhais aonuaire.

Idirdhealú: cóir nó cóir fhéideartha is lú fabhar a thabhairt do dhuine amháin seachas duine eile i gcás inchomparáide bunaithe ar na naoi bhforas comhionannais. Áirítear leis seo idirdhealú díreach agus indíreach.

Idirdhealú Díreach: tarlaíonn sé nuair a thugtar cóir is lú fabhar do dhuine amháin ná do dhuine eile ar cheann amháin nó níos mó de na naoi bhforas comhionannais.

Idirdhealú Indíreach: tarlaíonn sé nuair a chuireann cleachtas nó polasaí atá neodrach de réir dealraimh duine a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na naoi bhforas comhionannais faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le duine eile. Áirítear leis seo nuair a bhíonn cleachtas nó polasaí ann ar measa a thionchar ar ghrúpaí nó ar dhaoine aonair áirithe.

Idirdhealú trí Bhainteacht: nuair a thugtar cóir is lú fabhar do dhuine amháin ná do dhuine eile mar gheall ar bhainteacht le duine a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na naoi bhforas comhionannais.

Idirdhealú Líomhna: nuair a thugtar cóir is lú fabhar do dhuine amháin ná do dhuine eile de bhrí go maítear go mbaineann sí nó sé le ceann amháin nó níos mó de na naoi bhforas comhionannais.

Forais Chomhionannais: na naoi bhforas nach ceadmhach idirdhealú nó ciapadh/ciapadh gnéasach a dhéanamh i measc daoine maidir leo, mar a shainmhínítear san Acht um Stádas Comhionann agus san Acht um Chomhionannas Fostaíochta.

- Inscne – aitheantas duine mar fhireann nó mar bhaineann (daoine trasinscne san áireamh). Féadann duine ionannú le hinscne seachas an tsamhail dhénártha inscne.
- Stádas Sibhialta – singil, pósta, idirscartha, colscartha, baintreach, i bpáirtnéireacht sibhialta nó ina iarpháirtnéir sibhialta.
- Stádas Teaghlaigh – freagracht mar thuismitheoir nó mar dhuine in loco parentis maidir le duine faoi 18, nó mar thuismitheoir nó mar phríomhchúramóir cónaitheach duine faoi mhíchumas atá os cionn 18 mbliana d'aois.
- Claonadh Gnéis – lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do heitrihnéasach, aerach, lespiach, déghnéasach nó éighnéasach.
- Míchumas – coinníollacha sealadacha nó buana a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú coirp, meabhrach nó mhothúchánach duine, lena n-áirítear raon riochtaí leighis, míchumas foghlama, intleachta agus cognaíochta.
- Cine – lena n-áirítear cine, dath, náisiúntacht, nó bunús eitneach nó náisiúnta.
- Creideamh Reiligiúnach – lena n-áirítear comhcheangail reiligiúnacha éagsúla chomh maith le heaspa creideamh reiligiúnach.
- Ball den Lucht Siúil – ag tagairt don phobal daoine a dtugtar an Lucht Siúil orthu go coitianta agus a aithnítear (acu féin agus ag daoine eile) mar phobal a bhfuil stair, cultúr agus traidisiúin i bpáirt acu lena n-áirítear, go stairiúil, slí bheatha fánaíochta ar oileán na hÉireann.
- Aois

Ciapadh: aon chineál iompair nach dteastaíonn a bhaineann le haon cheann de na naoi bhforas comhionannais a bhfuil d’aidhm nó d’éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, táireach, náirithe nó maslach a chruthú do dhuine. Is féidir teagmhais aonuaire a mheas mar chineál ciaptha.

Gníomhaíocht Dhearfach: sainmhínithe san Acht um Chomhionannas Fostaíochta mar bhearta arna gcothabháil nó arna nglacadh d’fhonn comhionannas iomlán a chinntiú i gcleachtas chun tionchar na míbhuntáistí a bhaineann le haon cheann de na naoi bhforas comhionannais a chosc nó a chur ar neamhní, chun sláinte agus sábháilteacht daoine faoi mhíchumas a chosaint, nó áiseanna a chruthú nó a chothabháil chun lánpháirtiú daoine den sórt sin san Ollscoil a chosaint nó a chur chun cinn.

Gnéaschiapadh: aon chineál iompair bhriathartha, neamhbhriathartha nó coirp de chineál gnéasach nach dteastaíonn a bhfuil d’aidhm nó d’éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglach, naimhdeach, táireach, náirithe nó maslach a chruthú do dhuine.

Polasaí Comhionannais & Éagsúlachta

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do bheith ina pobal Ollscoile a chothaíonn agus a chuireann an comhionannas chun cinn, a léiríonn meas agus luach ar éagsúlacht, agus a fhorbraíonn timpeallacht choláisteach *shármhaitheasa comhionannais*, ina n-aithnítear agus ina léirítear meas ar chearta an duine, ar fhreagrachtaí agus ar éagsúlacht na mac léinn agus na foirne uile.

Is mór ag an Ollscoil an saibhriú a thagann ó phobal éagsúil mac léinn agus foirne agus féachann sí le comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a chosc i rochtain, eispéireas, dul chun cinn agus gnóthachtáil na mac léinn agus na foirne go léir trí pholasaí, próisis agus cleachtais shoiléire a chur i dtoll a chéile agus i bhfeidhm trína dtugtar tacaíocht éifeachtach ar mhaith le comhionannas a bhaint amach in eispéireas na mac léinn agus san fhostaíocht.

Forbraíodh an Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta mar sin chun croíluachanna na hOllscoile a bhaint amach, mar atá comhionannas, cuimsitheacht, ceartas sóisialta, dínit agus meas, agus i gcomhthéacs a cuid oibleagáidí suntasacha sna réimsí seo a chomhlíonadh. Soláthróidh an Polasaí seo creat don Ollscoil chun a cuid dualgas mar fhostóir comhdheiseanna agus mar sholáthraí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

3. Aidhmeanna

Tá cur chun cinn an chomhionannais agus meas ar chearta an duine ar fad lárnach do chuspóir foriomlán Ollscoil Mhá Nuad, a bhfuil sé mar aidhm aici Ollscoil a bhaint amach atá tiomanta do dhaoine, do smaointe agus do chultúr, ina n-oibrímid le chéile mar oideachasóirí, taighdeoirí, foireann riaracháin, ghairmiúil agus theicniúil chomh maith leis na mic léinn i bpobal ilghnéitheach léannta.

Dá bhrí sin tá sé mar aidhm ag Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta Ollscoil Mhá Nuad:

- cultúr sármhaitheasa a chur chun cinn trí phrionsabail an chomhionannais agus na héagsúlachta a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí, i mbeartais agus i bpleanáil uile na hOllscoile;
- comhionannas a chur chun cinn agus neamh-idirdhealú a chinntiú don fhoireann ar fad maidir le gach gné den fhostaíocht;
- beart dearfach a dhéanamh nuair is cuí chun an comhionannas a chothú san fhostaíocht agus i ngníomhaíochtaí Ollscoile chun díriú ar an ngannionadaíocht;
- comhionannas san oideachas a chur chun cinn do gach mac léinn ar fud an timthrialla oideachais, ag soláthar oideachas den scoth do chách, agus ag cur ar chumas gach mic léinn a lánacmhainneacht a uasmhéadú; gníomhaíocht dhearfach a dhéanamh san oideachas chun díriú ar leathnú na rannpháirtíochta agus ar an tearcionadaíocht de réir mar is cuí;
- cearta na foirne, na mac léinn, na ndaoine bainteacha agus na gcuariteoirí go léir mar dhaoine a chosaint;
- a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht agus go gcloítear le caighdeáin deachleachtais chun deireadh a chur le hidirdhealú neamhdhleathach; agus
- próisis a sholáthar le haghaidh gearán agus imscrúduithe.

4. Prionsabail

Tá na príomhphrionsabail seo a leanas mar bhonn agus mar thaca le Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta Ollscoil Mhá Nuad.

- Bítear ag súil go gcaithfidh gach ball de Phobal na hOllscoile le daoine eile le dínit agus le meas, de réir pholasaí ábhartha na hOllscoile.
- Cloífidh an Ollscoil go hiomlán leis na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015, a chuireann cosc ar idirdhealú ó thaobh rochtain ar agus soláthar seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí oideachais.
- Cloífidh an Ollscoil go hiomlán leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 - 2015, a chuireann cosc ar idirdhealú i ngach réimse fostaíochta, lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht. Dá réir sin, gníomhóidh an Ollscoil chun idirdhealú díreach agus indíreach, gnéaschiapadh, ciapadh agus íospairt a chosc ar naoi bhforas ar leith:
 - inscne
 - stádas teaghlaigh
 - stádas sibhialta
 - treoshuíomh gnéasach
 - aois
 - míchumas
 - reiligiún
 - cine
 - ballraíocht den Lucht Siúil
- Aithneoidh an Ollscoil deiseanna do ghníomhaíocht dhearfach chun comhionannas rannpháirtíochta a chinntiú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht i ngníomhaíochtaí na hollscoile.
- Geallann an Ollscoil tacú le héagsúlacht teangacha agus cultúir agus iad a chur chun cinn le haird faoi leith ar chaomhnú, cur chun cinn agus úsáid na Gaeilge, agus ar stádas na Gaeilge mar chéad teanga oifigiúil agus an Bhéarla mar dhara theanga oifigiúil an Stáit a aithint.
- Tacóidh an Ollscoil le caomhnú agus cur chun cinn chultúir shaintréitheacha na hÉireann.
- Breathnóidh an Ollscoil ar ár bhfreagrachtaí aitheanta faoi Acht na nOllscoileanna 1997 chun comhionannas (lena n-áirítear cothromaíocht inscne) agus rochtain ar oideachas a chur chun cinn go ginearálta, go háirithe i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht ar nós mic léinn lánfhásta, mic léinn faoi mhíchumas agus mic léinn faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.
- Soláthróidh an Ollscoil rochtain chuimsitheach ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis do dhaoine faoi mhíchumas agus cuirfidh sí fostaíocht daoine faoi mhíchumas chun cinn de réir an Achta um Míchumas 2005.
- Gníomhóidh Ollscoil Mhá Nuad chun a chinntiú go dtabharfar aird chuí ar chomhionannas agus ar chearta an duine inár ngníomhaíochtaí go léir mar a cheanglaítear leis an Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

5. Raon an Pholasaí

Baineann an Polasaí seo le comhionannas agus éagsúlacht i ngach gné de shaol na hOllscoile.

Áiríonn an Polasaí seo iarratasóirí is mic léinn, mic léinn chláraithe agus alumni, a bhaineann le cinní a dhéantar maidir le rochtain, taithí, soláthar seirbhísí tacaíochta teagaisc agus gaolmhara, measúnú, dul chun cinn agus dámhachtainí.

Tá gach iarratasóir ar fhostaíocht, gach ball foirne (bíodh siad lánaimseartha, páirtaimseartha, buan, nó sealadach), agus gach duine a oibríonn don Ollscoil nó thar ceann na hOllscoile in aon cháil san áireamh sa Pholasaí seo, a bhaineann le cinní a rinneadh maidir le hearcaíocht agus roghnú, dul chun cinn gairme, foghlaim agus forbairt agus téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.

Baineann an Polasaí freisin le cuairteoirí, custaiméirí, cliant, soláthraithe seirbhíse tríú páirtí agus conraitheoirí Ollscoil Mhá Nuad, agus leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus ár ngníomhaíochtaí, cibé inmheánach nó seachtrach, á gcomhlíonadh againn.